



North South Ministerial Council
An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas

An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2011



CLÁR NA NÁBHAR

Intreoir leis na Comhrúnaithe	3	2.8	Sábháilteacht Bhia	27
Caibidil 1 Cruinnithe Iomlánacha agus Institiúideacha CATT	7	2.9	Uiscebhealaí Intíre	29
Caibidil 2 Cruinnithe CATT de réir Earnála	11	2.10	Teanga	31
2.1 Talmhaíocht	12	2.11	Cláir Speisialta AE	33
2.2 Oideachas	14	2.12	Forbairt Trádála agus Gnó	35
2.3 Comhshaol	16	larscríbhinn 1	Cruinnithe CATT in 2011	37
2.4 Sláinte	18	larscríbhinn 2	Cruinnithe Chomhrúnaíocht CATT	38
2.5 Turasóireacht	20	larscríbhinn 3	Comhaltaí Boird na bhForas Thuaidh/Theas	40
2.6 Iompar	22			
2.7 Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara	24			

Clúdach tosaigh: Obair ealaíne ar bhalla na cúirte istigh in oifigí Chomhrúnaíocht CATT. Saothar Declan O'Mahony, ealaíontóir as Corcaigh, atá ann. Ba iad Comhairle Cathrach agus Ceantair Ard Mhacha agus an Chomhrúnaíocht a choimisiúnaigh an saothar a léiríonn gnéithe cultúrtha agus stairiúla de Chathair Ard Mhacha agus de CATT.

Is é an modh ealaíne a bhí in úsáid ag Declan O'Mahony sa saothar seo 'doirteadh aicrileach', modh a bhíonn in úsáid go minic aige. Tá seacht méid ar leith le sonrú sna sraitheanna ildaite sa saothar. Sa mhiotaseolaíocht tá uimhir a seacht mar shiombail den fhoirfeacht agus den iomláine agus tá Ard Mhacha neadaithe, go geografach, i measc na Seacht gCnoc. Is é Leabhar Ard Mhacha an lámhscríbhinn is sine a mhaireann go fóill in Éirinn. Tá dhá cholún de shiombailí callagrafaíochta le feiceáil ar go leor de na leathanaigh sa lámhscríbhinn seo agus is iad a bhí mar inspioráid do ghné de na gnéithe eile de dhearadh shaothar O'Mahony. Tá na mílte píosa beag gloine dhaite le feiceáil sna fuinneoga sa dá ardeaglais in Ard Mhacha. Thuig na haitirí a dhear na foirgnimh mhóra arda seo go bhfuil sé de chumas ag dathanna meanma an duine a ardú. Is mar gheall air sin atá an iliomad dathanna

INTREOIR

Ba bhliain í 2011 inar tharla athruithe suntasacha ar an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus ina raibh Comhrúnaíocht na Comhairle iontach gnóthach. Bhí 24 cruinniú san iomlán ann, ina measc trí chruinniú iomlánacha agus cruinniú institiúidiúil amháin. Ba é an cruinniú iomlánach ar 21 Eanáir an chéad chruinniú a eagraíodh in oifigí nua Chomhrúnaíocht CATT in Ard Mhacha.

Ba shuntasach an cruinniú iomlánach a bhí in Farmleigh, Baile Átha Cliath ar 10 Meitheamh nuair a tháinig rialtas nua Phoblacht na hÉireann agus Feidhmeannas nua Thuaisceart Éireann le chéile den chéad uair lena gcuid tuairimí a chur in iúl dá chéile maidir le réimse ceisteanna atá i gcoitinne acu. Ba léir gur aithin gach duine a bhí i láthair na dúshláin ollmhóra atá le sárú sa dá dhlíne agus tromchúise na hoibre ar toghadh iad le dul i ngleic léi.

Ba théama coitianta é ar na trí chruinniú iomlánacha na dúshláin eacnamaíochta agus buiséadaithe atá roimh an dá rialtas. Aithníodh na buntáistí a bhaineann le comhoibriú praiticiúil agus an gá atá le dóigheanna a shainaithint le gearradh siar ar chostais tríd an chomhoibriú. Léirigh na hAíreí a sásamh leis an chomhoibriú mhéadaithe i réimse na nuálaíochta san Aontas Eorpach agus d'aithin siad go bhfuil buntáistí praiticiúla le baint ag an dá thaobh as a leithéid. Bhí fáilte roimh an scéala chomh maith go mbeidh tacaíocht ar fáil sa dá dhlíne do sheirbhís raiditeiripe satailíte in Ospidéal Allt Mhic Dhuibhleacháin.

Tháinig athruithe suntasacha ar na Forais Forfheidhmiúcháin Thuaidh/Theas fosta in 2011 agus ar Thursóireacht Éireann nuair a tháinig deireadh le téarmaí seirbhíse na mBord. I mí na Samhna, thug CATT cead boird nua a cheapadh agus chuir siad a mbuóchas in iúl as a gcuid oibre do na Cathaoirligh, do na Leas-Chathaoirligh, do na comhaltaí boird agus do na stiúrthóirí a bhí ag dul as oifig, agus mhol siad an obair shuntasach a bhí déanta acu ar son na bhForas. Ba mhaith linn fáilte a chur roimh na comhaltaí nua boird agus buóchas a ghabháil leis na comhaltaí atá ag dul as oifig as a gcuid seirbhíse.

SOGHLUAISEACHT TRASTEORANN


Le linn na bliana, scrúdaigh Comhrúnaíocht CATT, i gcomhairliúchán leis na heagrais chuí, roinnt saincheisteanna i dtaca le soghluaiseacht trasteorann, ina measc moill ar phróiseáil sochar leasa shóisialaigh a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo, easpa seirbhíse comhairliúcháin i dtaca le ceisteanna leasa agus cánachais agus easpa feasachta maidir le luach/coibhéis cáilíochtaí gairmiúla a bhaintear amach in áiteanna eile. D'fhonn dul i ngleic leis na saincheisteanna seo, tá córais i bhfeidhm faoi láthair le déileáil le cásanna áirithe leasa shóisialaigh atá casta. Cuirfidh an tlonad um Staidéar Trasteorann isteach ar mhaoiniú INTERREG IVA in 2012 ar mhaithe le suíomh gréasáin Mhuintir na Teorann. Beidh sainoilúint le heolas a chur ar fáil faoi chúrsaí áirithe trasteorann mar chuid den suíomh seo. D'fhoilsigh an Chomhairle Churaclaím, Scrúdúcháin agus Mheasúnachta agus Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann cáipéis i gcomhar lena chéile ina ndéantar comparáid idir cáilíochtaí na Ríochta Aontaithe agus cáilíochtaí na hÉireann, 'Qualifications can cross boundaries: a rough guide to comparing qualifications in the UK and Ireland'.

OIFIGÍ CHOMHRÚNAÍOCHT CATT

D'oscail an Chéad-Aire, an LeasChéad-Aire agus an Taoiseach ár n-oifigí nua go hoifigiúil i mí Eanáir i ndiaidh cruinniú iomlánach de chuid CATT. I mí an Mhárta, bhí Méara Chomhairle Cathrach agus Ceantair Ard Mhacha ag an am, Jim Speers, inár measc ar ócáid le hoscailt na n-oifigí a cheiliúradh.

Bhí lúcháir orainn go raibh na hAíreí Ealaíon, Carál Ní Chuilín agus Jimmy Deenihan, inár gcuideachta i mí Mheán Fómhair leis an saothar nua ealaíne atá ar bhalla na cúirte istigh a nochtadh. Is é an t-ealaíontóir Corcaíoch, Declan O'Mahony, a rinne é. Muid féin, i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Ceantair Ard Mhacha, a choimisiúnaigh an saothar.

Baineadh úsáid mhaith as na hoifigí nua i gcaitheamh na bliana. Bhí 20 cruinniú ag CATT ann mar aon le roinnt imeachtaí tábhachtacha. Ina measc bhí seimineár mar chuid de chlár athiontrála Rang 2011 de Chlár Washington-na hÉireann, cuairteanna ag Ambasadóir



na Stát Aontaithe go hÉirinn, ag Ambasadóir na Beilge go hÉirinn, ag Ambasadóirí na Fionlainne go hÉirinn agus go RA agus ag toscaireacht oifigeach ó Phoblacht na Cóiré. Bhí fáilte mhór fosta roimh mhic léinn ón Choláiste Réigiúnach Theas a tháinig ar cuairt mar chuid dá n-ullmhúchán don chúrsa Obair agus Infhostaitheacht.

FORBAIRTÍ EILE

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Anne Barrington a bhí mar Chomhrúnaí (Theas) go dtí Samhain 2011 tráth a thosaigh sí ar phost nua mar Ard-Stiúrthóir ar Rannóg na hEorpa sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil chomh maith le Bill Nolan, iar-Chomhrúnaí (Theas) a chuaigh ar scor i mbliana. Guímid gach rath orthu sa todhchaí. Tá buíochas ag dul fosta do na hoifigigh i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann agus i ranna rialtais Phoblacht na hÉireann, sna Forais Thuaidh/Theas, sa Chomhrúnaíocht agus dár gcairde agus dár gcomhghleacaithe as an dóigh ar chuidigh agus ar chomhoibrigh siad linn in 2011, rud is luachmhar go mór linn.

Mary Bunting
Comhrúnaí (Thuaidh)

Margaret Stanley
Comhrúnaí Gníomhach
(Theas)



Méara Chomhairle Cathrach agus Ceantair Ard Mhacha, Jim Speers, leis na Comhrúnaithe, Mary Bunting agus Anne Barrington, agus aíonna ar ócáid oscailte oifigí nua Chomhrúnaíocht CATT in Ard Mhacha, 25 Márta 2011.



Declan O'Mahony (ealaíontóir), Jimmy Deenihan TD, Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Freda Donnelly, Méara Chathair agus Cheantar Ard Mhacha, Carál Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Mary Bunting, Comhrúnaí (Thuaidh) agus Margaret Stanley, Comhrúnaí Gníomhach (Theas) ar ócáid ar 28 Meán Fómhair, 2011 le saothar ealaíne le Declan O'Mahony a nochtadh. Coimisiúnaíodh an saothar go speisialta faoi choinne oifigí Chomhrúnaíocht CATT in Ard Mhacha.

CAIBIDIL a hAON: Cruinnithe Iomlánacha agus Institiúideacha CATT



Airí ag cruinniú iomlánach CATT, 10 Meitheamh 2011, Teach Farmleigh, Baile Átha Cliath

CRUINNITHE IOMLÁNACHA CATT

1.1 Bhí trí chruinniú iomlánacha ag CATT in 2011: ar 21 Eanáir 2011 in oifigí Chomhrúnaíocht CATT in Ard Mhacha, ar 10 Meitheamh 2011 i dTeach Farmleigh, Baile Átha Cliath, agus ar 18 Samhain 2011 in oifigí Chomhrúnaíocht CATT in Ard Mhacha. Ar an chruinniú i mí Eanáir, bhí an Taoiseach ag an am, Brian Cowen TD, mar cheann na toscaireachta ó rialtas Phoblacht na hÉireann. Ba é an Taoiseach Enda Kenny TD a bhí mar cheann na dtoscaireachtaí ó rialtas Phoblacht na hÉireann ar na cruinnithe i mí Mheithimh agus i mí na Samhna. Ba iad an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Peter Robinson MP, CTR agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness MP, CTR a bhí i gceannas ar thoscaireachtaí Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ar gach ceann de na trí chruinniú. Tá na Comhráitis a eisíodh i ndiaidh na gcrúinnithe le fáil ar www.northsouthministerialcouncil.org

1.2 Ar na cruinnithe iomlánacha, phléigh na hAirí cuid de na dúshláin éagsúla atá i gcoitinne acu agus chuir siad a gcuid tuairimí in iúl dá chéile maidir leis an gheilleagar, le ceisteanna fioscacha, leis na bainc agus NAMA agus le gnéithe d'fhás mall an gheilleagair. Phléigh siad go háirithe éagobhsaíocht agus cúlú fioscach i gcóras geilleagair eile san AE agus ar fud an domhain. Mar gheall ar na srianta atá ar bhuiséid sa dá dhlínse, aithníodh na buntáistí a bhaineann le comhoibriú praiticiúil agus an gá atá le teacht ar dhóigheanna le gearradh siar ar chostais tríd an chomhoibriú. Aontaíodh go ndéanfadh na hAirí Airgeadais níos mó plé ar an cheist seo.

TUARASCÁIL NA GCOMHRÚNAITHE

Ar na cruinnithe iomlánacha, phléigh an Chomhairle tuarascálacha ar an dul chun cinn a bhí déanta ar an obair a pléadh ag cruinnithe earnála CATT, obair

CHAPTER ONE: NSMC Plenary Meeting

na bhForas Thuaidh/Theas san áireamh. Ar na príomhcheisteanna a pléadh bhí:

- dul chun cinn maidir le ceisteanna AE a ardaíodh ar chruinnithe CATT, ina measc comhoibríú le maoiniú AE ó Chlár Taighde agus Forbartha FP7 a mhéadú;
- dul chun cinn maidir le clár reatha AE agus féidearthachtaí comhoibríthe ar chlár AE sa todhchaí;
- oscailt oifigiúil Dhroichead na Síochána thar an Fheabhal;
- comhoibríú maidir le leasú an Chomhbheartas Talmhaíochta agus na straitéise uile-oileáin um Shláinte agus Leas Ainmhithe;
- comhaontú ag an dá sheirbhís otharcharranna maidir le Meabhrán Tuisceana le cúnamh trasteorann a chur ar fáil i gcás mór-eachtraí;
- suirbhé le hinbhuanaitheacht bunscoileanna i gceantar na teorann a athbhreithniú – is iad an dá Aire Oideachais a dhéanfaidh é seo;
- moltaí maidir le poist Fhoras na Gaeilge a athlonnú i nGaith Dobhair – rinneadh taifead de go bpléifí an cheist seo ar chruinniú Teanga de chuid CATT sa todhchaí; agus
- dul chun cinn maidir le hathoscailt Chanáil Uladh idir Cluain Eois agus Loch Éirne Uachtair.

BOIRD NA BHFORAS THUADH/THEAS AGUS THURASÓIREACHT ÉIREANN TEORANTA

1.3 Thug na hAirí cead Cathaoirligh, Leas-Chathaoirligh agus comhaltaí boird a cheapadh ar Bhoird na bhForas Forfheidhmiúcháin Thuaidh/Theas agus stiúrtóirí a cheapadh ar Thurasóireacht Éireann Teoranta. D'aithin siad go mbeadh idir leanúnachas agus dhearcadh úr ag baint le hobair na bhForas mar gheall ar dhaoine nua a bheith ann. Tá sonraí na gcomhaltaí le fáil in Iarscríbhinn a Trí. Chuir na hAirí a mbuíochas in iúl do na Cathaoirligh, do na Leas-

Chathaoirligh agus do na comhaltaí boird a bhí ag dul as oifig agus mhol siad an obair shuntasach a bhí déanta acu ar son na mBord.

TURASÓIREACHT

1.4 Phléigh na hAirí mar a chuireann an turasóireacht go mór leis an gheilleagar. Luaíodh go sonrach a rathúla a bhí Gradaim Cheoil na hEorpa MTV agus na buntáistí turasóireachta a bhí le baint astu ag Béal Feirste mar chathair. Scrúdaigh an Chomhairle deiseanna comhoibríthe leis an tionscal turasóireachta a fheabhsú agus lena oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as tionscnaimh sa dá dlínse amhail ní 2012 – a bhfuil Comóradh Céad Bliain an Titanic agus Doire mar Chathair Chultúir 2013 mar chuid de – agus ‘The Gathering’, clár bliana imeachtaí in 2013 atá á eagrú ag grúpaí ealaíon, spóirt, gnó agus pobail.

TIONSCNAMH THAIRSEACH AN IARTHUAISCIRT

1.5 Ar an chruinniú i mí na Samhna rinneadh plé ar an dul chun cinn a bhí déanta maidir le Tionscnamh Thairseach an Iarthuaiscirt agus d'aontaigh na hAirí go n-eagródh Comhrúnaíocht CATT cruinniú d'oifigigh ó na Ranna cuí sa dá dhlínse. Ina dhiaidh sin, rachadh na hoifigigh i gcomhairliúchán leis na hAirí d'fhonn tuarascáil ar an dul chun cinn a bheadh déanta a chur i láthair ar chruinniú institiúideach CATT in earrach 2012.

DUL CHUN CINN MAIDIR LE TIONSCADAIL AN A5 AGUS AN A8

1.6 Rinne an Chomhairle taifead den dul chun cinn a bhí déanta ar thionscadal an A5 (Tairseach an Iarthuaiscirt go hAchadh na Cloiche) agus ar thionscadal an A8 (Béal Feirste go Latharna) agus aontaíodh go dtabharfadh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt £3m do Chiste Comhdhlúite TÉ de réir an ghnáthaimh chomhaontaithe. Ar an chruinniú i mí na Samhna, rinneadh taifead de go raibh soláthar maoinithe ó rialtas Phoblacht na hÉireann á chur siar agus go gcuirfeadh rialtas Phoblacht na hÉireann £25m per annum ar fáil in 2015 agus in 2016 i leith an tionscadail. Rinneadh taifead de fosta go n-ullmhódh na Ranna cuí plean nua maoinithe agus feidhmiúcháin i dtaca leis na tionscadail de, plean a bheadh le comhaontú ar chruinniú Iompair CATT in

2012 agus le daingniú ag cruinniú iomlánach CATT i mí Mheithimh 2012.

ATHBHREITHNIÚ AR CHOMHAONTÚ CHILL RÌMHINN

1.7 D'aontaigh na hAirí roinnt moltaí a phlé i dtaca leis an chéad ghné den Athbhreithniú ar Chomhaontú Chill Rìmhinn ar an chéad bhabhta eile de chruinnithe eárnála CATT d'fhonn a bheith in ann cinntí a dhéanamh ar chruinniú iomlánach CATT i mí Mheithimh 2012. Aontaíodh fosta an bealach chun tosaigh maidir leis na gnéithe eile den Athbhreithniú: próiseas comhairliúcháin leis an Fheidhmeannas agus taobh istigh de rialtas Phoblacht na hÉireann, plé ar chruinniú institiúideach CATT in earrach 2012, agus comhaontú maidir leis na moltaí deiridh ar chruinniú iomlánach CATT i mí Mheithimh 2012.

FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN THUAIDH/THEAS

1.8 Rinneadh nóta den chúra agus de na forbairtí ba dheireanaí i dtaca le Fóram Comhairliúcháin Thuaidh/Theas de agus d'aontaigh na hAirí plé ar an cheist seo a thabhairt chun críche ar an chruinniú iomlánach i mí Mheithimh 2012.

FÓRAM PARLAIMINTEACH THUAIDH THEAS

1.9 Léirigh na hAirí a sástacht leis an obair a bhí déanta ag meithleacha an Oireachtais agus Thionól Thuaisceart Éireann, lena n-áirítear cruinnithe i mí Mheán Fómhair sna Títhe Parlaiminte agus i mí na Samhna i dTíthe an Oireachtais, Baile Átha Cliath agus cruinniú eile a bhí eagraithe ar 15 Nollaig 2011.

CRUINIÚ INSTITIÚIDEACH CATT

1.10 Tháinig CATT le chéile de réir na formáide institiúidí ar 3 Deireadh Fómhair 2011 i gCaisleán Stormont, Béal Feirste. Bhí Eamon Gilmore TD, Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Peter Robinson MP, CTR, an LeasChéad-Aire John O'Dowd CTR agus Danny Kennedy CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí, ar an chruinniú. Tá an Comhráiteas a eisíodh i ndiaidh an chruinnithe seo ar fáil ar www.northsouthministerialcouncil.org

SAINCHEISTEANNA MAIDIR LEIS NA FORAIS THUAIDH/THEAS

1.11 Rinne an Chomhairle taifead den dul chun cinn a bhí déanta i dtaca le comhaontú Pleananna Corparáideacha agus Gnó na bhForas agus bealaí oibre níos éifeachtúla. Tuairiscíodh go raibh athbhreithniú ar Mheabhráin Airgeadais na bhForas idir lámha agus go gcuirfí tuarascáil ar an dul chun cinn a bheadh déanta i láthair ar an chéad chruinniú institiúideach eile.

1.12 Aontaíodh laghdú ar na rátaí cúitimh a íoctar le comhaltaí na mBord a chur i bhfeidhm tráth a thabharfaí ainmiúcháin faoi bhráid na Comhairle faoi choinne a gceadaithe ar chruinniú iomlánach CATT i mí na Samhna 2011.

SAINCHEISTEANNA AE A ARDAÍODH IN CATT

1.13 Rinneadh plé ar an dul chun cinn a bhí déanta maidir le saincheisteanna AE a ardaíodh ar chruinnithe CATT, ina measc comhoibriú ar thaighde agus forbairt agus dul chun cinn ar chlár reatha AE agus na féidearthachtaí le comhoibriú a dhéanamh ar chlár AE sa todhchaí.

SOGHLUAISTEACHT TRASTEORANN

1.14 Rinneadh taifead de go raibh córais curtha i bhfeidhm leis an mhoill ar phróiseáil na n-éileamh ar shochar leasa shóisialaigh ón Roinn Coimirce Sóisialaí a bhfuil gné thrasteorann leo a réiteach.

1.15 Rinneadh taifead den éileamh leanúnach atá ar shuíomh gréasáin Mhuintir na Teorann (www.borderpeople.info) mar aon leis an rún atá ag an Ionad um Staidéar Trasteorann cur isteach ar mhaoiniú ón AE, i gcomhar le heagrais eile, le sainoilúint a chur ar fáil ar an suíomh chun comhairle a thabhairt ar chúrsaí trasteorann.

1.16 Pléadh fosta an obair a bhí déanta le comparáid idir cáilíochtaí gairmiúla a baineadh amach i ndlínse eile a éascú. Mar chuid den obair sin foilsíodh bileog dar teideal 'Qualifications can cross boundaries: a rough guide to comparing qualifications in the UK and Ireland'.


TIONSCNAMH THAIRSEACH AN IARTHUAISCIRT

1.17 Rinne an Chomhairle taifead den dul chun cinn a bhí déanta maidir le Tionscnamh Thairseach an Iarthuaiscirt.



CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe CATT de réir Earnála

Sa chaibidil seo tá achoimre ar na cruinnithe a bhí ag CATT in 2011 de réir earnála. Tá na Comhráitis ó na cruinnithe seo le fáil ar www.northsouthministerialcouncil.org



Talmhaíocht



Clé go deas: Phil Hogan TD, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, Simon Coveney TD, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus Edwin Poots CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí, ar chruinniú Talmhaíochta CATT in Ard Mhacha ar 26 Deireadh Fómhair 2011.

2.1.1 Bhí cruinnithe Talmhaíochta CATT ar siúl ar 26 Iúil 2011 agus ar 26 Deireadh Fómhair 2011. Bhí Michelle O'Neill CTR, Aire Comhshaoil agus Forbartha Tuaithe, Edwin Poots CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí, agus Simon Coveney TD, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, i láthair ar an dá chruinniú. D'fhreastail Phil Hogan TD, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ar an chruinniú i mí Dheireadh Fómhair.

COMHOIBRÍU MAIDIR LE SLÁINTE AINMHITHE

2.1.2 Fuair na hAirí tuairisc ar fheidhmiú Phlean Gníomhaíochta na Straitéise Uile-Oileáin um Shláinte agus Leas Ainmhithe, lena áiríodh:

- seoladh an chéad Tuarascáil faoi Fhaireachas Uile-Oileáin ar Ghalar Ainmhithe agus comhaontú maidir le Meabhrán Tuisceana idir saotharlanna oifigiúla le comhoibriú agus rannpháirtíocht níos fearr a bhaint amach ó thaobh taighde; agus

- forbairtí maidir le pleanáil theagmhasach i dtaca le galair ainmhithe de. Áirítear leo comhaontú maidir le Meabhrán Tuisceana le mapaí a dhéanamh de limistéir srianta galar i gcás briseadh amach ar cheachtar taobh den teorainn a éascú, agus na hullmhúcháin faoi choinne obair eile mhapála i gcomhar lena chéile.

2.1.3 Léirigh an Chomhairle a sásamh leis an scéala go raibh cruinniú idir Príomhoifigigh Thrédliachta ón dá dhlíne agus an Coimisiún Eorpach inar chuir na Príomhoifigigh an cás i láthair faoi choinne Straitéis Uile-Oileáin um Shláinte agus Leas Ainmhithe. Bhí tugtha le fios ag an Choimisiún go raibh aidhmeanna na Straitéise san áireamh agus machnamh á dhéanamh ar dhlí nua an AE um Shláinte Ainmhithe.

2.1.4 Fáiltíodh roimh an chomhoibriú a chuir leis na hiarrachtaí le stádas saor ó Ghalar Aujeszky a bhaint amach agus aontaíodh gur cheart go n-oibreodh na Ranna i gcomhar lena chéile ar bhonn leanúnach le hiarratais ar stádas saor ó Ghalar Aujeszky a chomhordú.

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe CATT de réir Eanála

COMHBHEARTAS TALMHAÍOCHTA AGUS CEISTEANNA TRÁDÁLA IDIRNÁISIÚNTA

2.1.5 Rinne an Chomhairle taifead d'fhoilsiú moltaí ag Coimisiún an AE i dtaca le todhchaí an Chomhbheartas Talmhaíochta. Áirítear leis na moltaí athrú ar uasmhéideanna glan náisiúnta ar íocaíochtaí díreacha, athruithe ar an mhúnla íocaíochta aonair, íocaíocht ghlas agus caidheáil íocaíochtaí móra, athruithe ar na mionsonraí a bhaineann le bearta forbartha tuaithe agus athruithe ar na mionsonraí a bhaineann le rialacháin airgeadais. Pléadh forbairtí maidir le próiseas athchóirithe an Chomhbheartas Talmhaíochta fosta, ina measc foilsiú ráiteas Choimisiún an AE maidir le todhchaí an Chomhbheartais agus moltaí an Choimisiúin i dtaca leis an chéad Chreat Ilbhliantúil Airgeadais eile.

2.1.6 Nótáladh na forbairtí ó thaobh idirbheartaíocht trádála idirnáisiúnta, go háirithe le tíortha i Meiriceá Theas atá mar chuid den ghrúpa MERCOSUR. Nótáladh na príomhcheisteanna a bhaineann le léirscaoileadh táillí agus rochtain ar an mhargadh. Bhíothar ag súil nach bpléifí na ceisteanna seo go dtí Iár 2012.

2.1.7 Thug an dá Roinn Talmhaíochta eolas do na hAirí faoi thaighde agus comhoibriú i dtaca le gáis cheaptha teasa de agus faoi chomhthaighde eile.

COMHOIBRÍU MAIDIR LE SLÁINTE PHLANDAÍ

2.1.8 Cheadaigh an Chomhairle clár oibre an Ghrúpa um Shláinte Phlandaí agus Lotnaidicídí lena n-áirítear pleananna teagmhasacha, forbairt leanúnach i dtaca le húsáid éifeachtúil saoráidí agus áiseanna saotharlainne, agus comhfheachtais le heolas tábhachtach a chur chuig lucht an tionscail agus oideachas a chur orthu. Tugadh eolas do na hAirí fosta faoin chomhoibriú leanúnach atá ar siúl le déileáil le roinnt cásanna den ghalar phytophthora ramorum i bhforaoisí ina bhfuil learóga Seapánacha agus bhí siad sásta leis an obair a bhí déanta le briseadh amach an ghalair a shrianadh.

FORBAIRT TUAITHE

2.1.9 Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar chomhoibriú leanúnach i dtaca le forbairt tuaithe de, lena n-áirítear tacaíocht do ghníomhú trasteorann ag grúpaí áitiúla gníomhaíochta. Fáiltíodh roimh mhaoiniú €10 milliún ó INTERREG IVA faoi choinne sé thionscadal straitéiseacha forbairt tuaithe. Cuireadh obair ó thionscadail acu seo, 'Acmhainní Nádúrtha a Cheapadh' i láthair na nAirí. Ba é Bord Fiontair Chontae an Chabháin a bhí i gceannas ar an tionscadal agus d'oibrigh siad in éineacht le Comhairle Contae an Chabháin, Comhairle Ceantair Fhear Manach, Comhairle Contae Liatroma, Cumann Forbartha an Mhuillinn

Oideachas



Clé go deas: Ruairí Quinn TD, Aire Oideachais agus Scileanna, John O'Dowd CTR, Aire Oideachais, agus Nelson McCausland CTR, Aire Forbartha Sóisialta, ar chruinniú Oideachais CATT in Ard Mhacha ar 21 Meán Fómhair 2011.

2.2.1 Bhí dhá chruinniú Oideachais ag CATT le linn 2011 ar 21 Eanáir agus ar 21 Meán Fómhair. Bhí Mary Coughlan TD, Tánaiste agus Aire Oideachais agus Scileanna, Caitríona Ruane CTR, Aire Oideachais, agus Danny Kennedy CTR, Aire Fostaíochta agus Foghlama, i láthair ar an chruinniú ar 21 Eanáir. Bhí John O'Dowd CTR, Aire Oideachais, Ruairí Quinn TD, Aire Oideachais agus Scileanna, agus Nelson McCausland CTR, Aire Forbartha Sóisialta, i láthair ar an chruinniú ar 21 Meán Fómhair.

TEARCGHNÓTHACHTÁIL OIDEACHASÚIL

2.2.2 D'fháiltigh an Chomhairle roimh fhoilsiú straitéisí litearthachta agus uimhearthachta ag na Ranna Oideachais agus léirigh siad a sástacht lena dtiomantas dul i ngleic leis an tearcghnóthachtáil sa litearthacht agus san uimhearthacht, go háirithe ina measc siúd atá faoi mhíbhuntáiste. I measc na dtionscnamh éagsúil bhí tacaíocht leanúnach do Sheachtain na Mata, Clár Leabhar Páistí, tionscadal píolótach Am Léitheoireachta agus comhdháil rathúil faoin litearthacht a chur chun cinn i scoileanna agus taobh amuigh díobh.

2.2.3 D'fháiltigh na hAirí fosta roimh mholadh maidir le hócáid piarfhoghlama faoi thinreamh scoile a dhíreodh ar dhaltáí iar-bhunscoile. Bhí fáilte acu chomh maith roimh thaighde a bhí coimisiúnaithe ag an Roinn Oideachais ar an dea-chleachtas agus ar chur chuige páirtíochta idir an scoil agus an teaghlach i gceantair dhíothacha le freastal rialta ar scoil a chur chun cinn i measc daltaí d'aois éigeantach scoile. Beidh tuairisc faoin taighde seo le fáil i mí an Mhárta 2012.

2.2.4 Rinneadh taifead de chur i láthair thuarascáil an Tascfhórsa um Oideachas an Lucht Siúil agus de mholtáí a d'éirigh as a gcuid oibre agus a cuireadh faoi bhráid na Roinne Oideachais. Tuairiscíodh go bhfuil an Roinn Oideachais ag obair ar dhréachtphlean gníomhaíochta d'fhonn próiseas comhairliúcháin a dhéanamh idir Eanáir agus Márta 2012. Pléadh fosta comhoibriú i dtaca le forbairt Beart Straitéisí um Ilchineálacht le tacú le forbairt ghairmiúil bhainisteoirí meánleibhéil i scoileanna.

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe CATT de réir Earnála

OIDEACHAS PÁISTÍ A BHFUIL SAINIACHTANAS OIDEACHAIS ACU

2.2.5 D'fháiltigh na hAíró roimh an dul chun cinn leanúnach a bhí déanta ag Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin, lena n-áirítear oiliúint do dhaoine gairmiúla agus do thuismitheoirí agus forbairt na nasc leis na Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Speisialta agus leis an Ghrúpa Idirbhoird um Neamhord ar an Speictream Uathachais. Léirigh na hAíró a sásamh leis an chlár leanúnach taighde, lena n-áirítear foilseachán a eisíodh ar na mallaibh ina mínítear taighde ábhartha ar Neamhord ar Speictream an Uathachais i gcás cailíní. Ar an chlár fosta bhí taighde a bhí idir lámha go fóill maidir le soláthar bunaithe ar na céadfaí agus taighde ar chuimhne fheidhmiúil a ndaoine atá ar speictream an uathachais. Bhí obair leis an Roinn Oideachais i dtaca le feabhsú acmhainní ar an chlár chomh maith.

2.2.6 Léiríodh sástacht leis an dul chun cinn a bhí déanta ag an Ionad agus ag an dá Roinn Oideachais maidir le plan ilbhliantúil a dhéanamh i leith fhorbairt an Ionaid sna blianta atá romhainn.

CÁILÍOCHTAÍ MÚINTEOIRÍ

2.2.7 D'éist na hAíró le cur i láthair ón tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí agus ón tSeirbhís Chomhairleach don Churaclam faoin obair a bhí idir lámha ó thaobh oideachas múinteoirí mar chuid den Chlár Oibre Gaelscolaíochta Thuaidh/Theas.

2.2.8 Rinne na hAíró taifead den dul chun cinn a bhí déanta ag an Mheitheal ar Cháilíochtaí Múinteoirí, lena n-áirítear fócas speisialta ar an ghaelscolaíocht agus an ceangal leanúnach idir an dá Chomhairle Múinteoireachta ar na saincheisteanna a bhaineann le soghluaisteacht múinteoirí sa dá dháil. Luaíodh chomh maith an dul chun cinn a bhí déanta maidir le soláthar eolais faoi shaincheisteanna pinsin do mhúinteoirí ar mian leo aistriú go dtí an dlínse eile ina gcuid oibre.

2.2.9 Rinne na hAíró taifead de thionscnamh Thuaidh/Theas, Comhphobal Cleachtais, le tacú le múinteoirí

gaelscolaíochta agus rinne siad taifead de phlean gníomhaíochta le tacú le gaelscoileanna sa bhliain acadúil 2011/2012.

2.2.10 Rinne an dá chigireacht oideachais cur i láthair don Chomhairle maidir lena gcomhoibriú i dtaca le forbairt ghairmiúil cigirí, lena n-áirítear malartú leanúnach idir na cigireachtaí agus foilsíú comhthuarascáil faoin dóigh is fearr le litearthacht agus uimhearthacht a chur chun cinn agus a fheabhsú i scoileanna.

2.2.11 Rinneadh plé ar chomhoibriú idir an tAonad Réigiúnach Oiliúna agus an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí maidir le saincheisteanna a bhaineann le ceannaireacht i scoileanna agus rinneadh taifead de go raibh tuarascáil dar teideal 'Leadership Matters' á scrúdú ag an dá Roinn d'fhonn é a fhoilsiú.

MALARTÚCHÁIN SCOILE, DAOINE ÓGA AGUS MÚINTEOIRÍ

2.2.12 Rinne na hAíró taifead de go raibh athbhreithniú ar chomhoibriú maidir le malartúcháin oideachasúla san áireamh i gCuid 1 de staidéar cuimsitheach ar chomhoibriú Thuaidh/Theas san earnáil Oideachais agus go raibh an t-athbhreithniú sin comhaontaithe agus tugtha i gcrích ag an dá Roinn.

2.2.13 Rinne siad taifead de go raibh an dara bliain den tsraith phíolótach fiontair den chlár Dissolving Boundaries curtha i gcrích go rathúil agus go raibh siad ag súil le comhthuarascáil a fháil ón dá chigireacht nuair a bheadh measúnú foirmiúil déanta acu ar an chlár.

2.2.14 Rinneadh taifead den phlé leanúnach atá ar siúl maidir le comhoibriú sa todhchaí i dtaca le daingniú cáilíochtaí obair óige d'fhonn an cleachtas is fearr a chinntiú agus le soghluaisteacht ghairmiúil ó thuaidh agus ó dheas agus soir agus siar a éascú.

2.2.15 Cuireadh fáilte roimh na moltaí i dtaca le Tionscadal Malartúcháin Daltaí agus Múinteoirí 2011-2012.

Comhshaol



Clé go deas: Danny Kennedy CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí, Phil Hogan TD, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus Alex Attwood CTR, Aire Comhshaoil, ar chruinniú Comhshaoil CATT in Ard Mhacha ar 1 Iúil 2011.

2.3.1 Bhí dhá chruinniú Comhshaoil ag CATT in 2011 ar 1 Iúil agus ar 21 Deireadh Fómhair. D'fhreastail Phil Hogan TD, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Alex Attwood CTR, Aire Comhshaoil, agus Danny Kennedy CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí, ar na cruinnithe.

BAINISTÍÚ DRAMHAÍOLA

2.3.2 Léirigh an Chomhairle a sásamh maidir le forbairtí leanúnacha i dtaca le bainistiú dramhaíola agus maidir leis an chaidreamh oibre níos dlúithe idir na Ranna le polasaithe a ailíniú, nuair is cuí, i réimsí a rachadh chun sochair don dá dhlínse, agus le comhshocruithe a dhéanamh le déileáil le dramhaíl bhia, dramhaíl orgánach san áireamh.

2.3.3 D'éist na hAirí le tuairiscí maidir leis an staidéar uile-oileáin ar cheisteanna ag éirí as dramhaíl phlaistigh athchúrsáilte. Léiríodh sásamh le hobair an Ghrúpa Stiúrtha Thuaidh/Theas um Fhorbairt Margaí agus rinne na hAirí taifead d'fhoilsiú staidéir ar an chleachtas is fearr maidir le tairiscint um bainistiú athúsáid dramhaíl théagartha. Rinne siad taifead fosta de go

raibh an chéad chruinniú den fhoghrúpa um phrótacail cháilíochta i ndiaidh a bheith ar siúl.

2.3.4 Rinneadh taifead de go raibh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil sásta gníomhú leis an Roinn Comhshaoil agus leis an Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe i dtaca leis na srianta atá ann faoi láthair i bplean na Ríochta Aontaithe maidir le haistriú dramhaíl sholadach as ceantair uirbeacha thar an teorainn ó Thuaisceart Éireann go Poblacht na hÉireann. Dhéanfaí machnamh ar an cheist seo i bhfianaise na Rialachán um Sheoladh Dramhaíola thar Teorainneacha.

2.3.5 Chomh maith leis sin, léirigh an Chomhairle a sástacht maidir leis an chomhoibriú leanúnach a bhí ar siúl idir an Roinn Comhshaoil agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i dtaca le forbairt thionscadal na Roinne Comhshaoil um thobhach ar mhálaí plaistigh agus i dtaca leis an dul chun cinn a bhí déanta le Treoir an AE um Líonadh Talún (1999/31/CE) a chur i bhfeidhm.

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe CATT de réir Earnála

AISTRÍÚ DRAMHAÍOLA THAR AN TEORAINN

2.3.6 Tuairiscíodh go raibh an obair le dramhaíl a thógáil ar shiúl ó shuímh i Slaitíneach, Co Fhear Manach agus gar do Thrileac, Co Thír Eoghain curtha i gcrích agus go raibh an obair le dramhaíl a thógáil ar shiúl ó shuíomh i mBaile Mhic Giolla Mhártain, Cill Chaoil beagnach críochnaithe agus go rabhtar ag súil le tús a chur le hobair ar shuíomh eile ar an taobh ó thuaidh den Iúr. Bhí Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann ag obair go leanúnach le plananna a fhorbairt le déileáil leis na suíomhanna mídhleathacha dhramhaíola eile agus bhí siad ag obair go dlúth lena gcomhghleacaithe i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Phléigh na hAíre na bearta forfheidhmiúcháin a bhí déanta ag na húdaráis chuí agus mhol siad a gcuid iarrachtaí.

CÁILÍOCHT UISCE

2.3.7 Rinne na hAíre taifead de go raibh an Mheitheal Thuaidh/Theas ar Cháilíocht Uisce ag plé le réimse saincheisteanna i dtaca le cáilíocht uisce d'fhonn clár oibre a chur le chéile a bheadh le comhaontú ar chruinniú amach anseo. Áiríodh leis na saincheisteanna sin rialuithe maidir le baint agus gaibhniú, níotráití, uiscí sliogéisc, uiscí snámha, na féidearthachtaí maidir le Gradaim Thrá uile-oileáin agus tionscadail INTERREG IVA.

2.3.8 Tuairiscíodh go raibh na comhcháipéisí 'Working Together, Managing Our Shared Waters' a bhaineann le ceantair abhantracha idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt agus Loch nEathach/na Banna tugtha i gcrích agus foilsithe ar shuíomhanna gréasáin na Ranna agus go raibh an Grúpa Oibre Thuaidh/Theas ar Cháilíocht Uisce ag leanúint orthu le plananna bainistíochta na n-abhantracha agus na bearta a bhaineann leo agus le Creat-treoir Uisce an AE a chur i bhfeidhm.

TUAIRISCIÚ COMHSHAOIL AGUS TAIGHDE

2.3.9 Léirigh an Chomhairle a sástacht leis an obair leanúnach a bhí idir lámha le táscairí comhshaoil i gcoitinne a fhorbairt, lena n-áirítear léiriú ar an idirlíon agus na plananna le 'Ireland North and South: A Statistical Profile' a fhoilsiú.

2.3.10 Rinneadh taifead den dul chun cinn a bhí déanta ag Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann agus ag an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le comhthaighde a thabhairt chun cinn agus le tacú le feidhmiú polasaithe agus reachtaíocht chomhshaoil. D'fháiltigh na hAíre roimh chomhoibriú eile a bhí ar bun le tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí a bhí ag iarraidh maoiniú Eorpach a fháil faoi chlár FP7, INTERREG agus LIFE+ an AE le taighde ardtosaíochta comhshaoil a dhéanamh.

Sláinte



Seoladh tuarascáil 2010 ar ghníomhaíochtaí bliantúla Chuibhreasann Institiúid Náisiúnta Ailse Phoblacht na hÉireann-Thuaisceart Éireann. I láthair ar an ócáid bhí, ó chlé go deas: an tAire Sóisearach in Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire, Martina Anderson CTR, James Reilly TD, Aire Sláinte, Edwin Poots CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí agus

2.4.1 Bhí James Reilly TD, Aire Sláinte, Frances Fitzgerald TD, Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Edwin Poots CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí, agus Martina Anderson CTR, Aire Sóisearach, OFMDFM, i láthair ar an chruinniú.

COMHOIBRÍÚ AR THAIGHDE AILSE AGUS SLÁINTE

2.4.2 Dhearbhagh an Chomhairle tacaíocht d'fhorbairt na saoráide saiteilíte radaiteiripe atá beartaithe d'Ospidéal Allt Mhic Dhuibhleacháin. Freastalóidh an t-ionad ar othair as an dá dhlínse a bhfuil ailse orthu agus is é an sprioc atá ann an tsaoráid a bheith go hiomlán feidhmiúil faoin bhliain 2016.

2.4.3 Seoladh tuarascáil bhliantúil 2010 ar ghníomhaíochtaí Chuibhreasann Institiúid Náisiúnta Ailse Phoblacht na hÉireann-Thuaisceart Éireann. Léirítear sa tuarascáil na héachtaí atá bainte amach go leanúnach ó thaobh oideachais agus oiliúna, mar a bailíodh sonraí le chéile leis an chéad mhapa uile-oileáin ó thaobh ailse a dhéanamh, mar a dhéantar eolas a mhalartú faoin chleachtas is fearr trí shaoráid chomhdhála ilmheán TELESYNERGY agus comhthionscadail taighde agus trialacha cliniúla.

2.4.4 D'fháiltigh na hAirí roimh oscailt na hInstitiúide Uile-Oileáin um Chúram Ospíse agus Maolaitheach. Is é a dhéanann an Institiúid oideachas, polasaithe taighde agus forbairt seirbhísí i dtaca le cúram maolaitheach a leathnú.

SLÁINTE A CHUR CHUN CINN

2.4.5 Rinneadh taifead den dul chun cinn a bhí déanta sa dá dhlínse ar na hiarrachtaí le dul i ngleic le mí-úsáid alcóil, le caitheamh tobac agus le hotracht. Rinneadh nóta den scóp a bhí ann eolas agus ábhar bunaithe ar fhianaise a mhalartú. Cuireadh fáilte roimh na pleananna do chomhdháil thuaidh/theas agus roimh an phlé ar na moltaí i dtaca le comhthionscnamh ar mhí-úsáid alcóil.

COMHOIBRÍÚ MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

2.4.6 Léirigh an Chomhairle a sástacht maidir leis an chomhoibriú idir Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann agus comhraiceoirí dóiteáin ó na sé Sheirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála ar an teorainn i dtaca leis an tionscadal Driving Change de. Is é is aidhm

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe CATT de réir Earnála

don tionscadal seo sláinte agus sábháilteacht phoiblí na ndaoine atá ina gcónaí i gceantar na teorann nó a bhíonn ag taisteal ann a fheabhsú.

2.4.7 Cuireadh fáilte roimh an chomhoibriú idir Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann agus Seirbhís Otharcharranna an FSS le Meabhrán Tuisceana a fhorbairt a fhorálaíonn do chúnamh trasteorann i gcás eachtraí móra.

Féinmharú a Chosc

2.4.8 Léirigh an Chomhairle a sásamh leis an dul chun cinn a bhí déanta maidir le plean gníomhaíochta uile-oileáin leis an fhéinmharú a chosc, lena n-áirítear foilsiú measúnú uile-oileáin ASIST (oilúint i scileanna feidhmeacha idirghabhála maidir leis an fhéinmharú). Faoi dheireadh 2011, beidh clár oiliúna ASIST curtha i gcrích ag breis agus 25,000 duine. Pléadh fosta, faoi ghníomh dar teideal 'Féinmharú agus an Cúlú Eacnamaíochta', feidhmiú seirbhís mhonatóireachta ar na meáin i dTuaisceart Éireann ar feadh seacht mí, agus malartú eolais faoi réimse tionscnamh de chuid

na hOifige Náisiúnta um Féinmharú a Chosc agus na Gníomhaireachta Sláinte Poiblí. Rinneadh taifead de go raibh tús curtha leis an Fhóram Uile-Oileáin um Shláinte Fear a chuidíonn le fir atá i ngéarchéim agus faoi strus mothúcháinach, agus rinneadh taifead fosta de na pleananna faoi choinne tionscnamh pólótach.

COSAINT PÁISTÍ

2.4.9 Léirigh an Chomhairle a sástacht leis an dul chun cinn leanúnach a bhí déanta maidir le comhoibriú a fheabhsú maidir le leas agus cosaint páistí. Áirítear leis an obair sin úsáid an Mhol Cosanta Páistí ag cleachtóirí agus gníomhartha le feasacht ar an Mhol seo a ardú. Pléadh forbairtí maidir leis an Phrótacal Idirghlínse um Aistriú Cásanna Cúram Páistí. Áirítear leis an phrótacal forbairt comhghnáthamh feidhmiúil agus comhoibriú leanúnach idir an dá sheirbhís phóilíneachta agus na seirbhísí sóisialta le heolas a mhalartú ar bhonn trasteorann faoi dhaoine a d'fhéadfadh a bheith contúirteach do pháistí.

Turasóireacht



Clé go deas: Leo Varadkar TD, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le Salman Khan agus Katrina Kaif, aisteoirí sa scannán Bollywood Ek Tha Tiger (“Bhí Tíogar Ann Fadó”) a ndearnadh scannánú air i mBaile Átha Cliath i bhfómhar 2011, agus Niall Gibbons, Príomhfheidhmeannach Thurasóireacht Éireann Teo.

2.5.1 Is é Turasóireacht Éireann Teo atá freagrach as margaíocht a dhéanamh thar lear ar Éirinn mar áit turasóireachta. Tá 12 chomhalta ar bhord an eagrais arna gceapadh ag CATT. Ar 19 Nollaig 2011 tháinig Brian Ambrose agus Jim Flannery i gcomharbacht ar Ann Riordan agus Ciara Boyle mar Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach faoi seach. Ba é Hugh Friel an Cathaoirleach suas go dtí 2 Bealtaine 2011. Tá liosta de na comhaltaí reatha boird le fáil in Iarscríbhinn a Trí. Is é Niall Gibbons Príomhfheidhmeannach Thurasóireacht Éireann. Tá níos mó sonraí le fáil ar www.tourismireland.com.

2.5.2 Bhí cruinniú Turasóireachta CATT ar siúl ar 3 Feabhra 2011. D’fhreastail Mary Hanafin TD, an tAire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt agus an tAire Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta, Arlene Fosta CTR, an tAire Fiontair, Trádála agus Infheistíochta, agus Gerry Kelly CTR, Aire Sóisearach, ar an chruinniú seo.

2.5.3 Fuair an Chomhairle eolas ón Chathaoirleach agus ón Phríomhfheidhmeannach faoin obair ba dheireanáí ag Turasóireacht Éireann. Phléigh an Chomhairle na

cúinsí deacra domhanda a raibh tionchar diúltach acu ar chúrsaí turasóireachta.

2.5.4 Phléigh na hAíreí pleananna Thurasóireacht Éireann le fás ar líon na gcuairteoirí a chinntiú in athuir trí ghníomhaíochtaí margaíochta a athdhírú ar an eispéireas suntasach atá le fáil in Éirinn mar áit saoire agus trí infheistíocht shuntasach a dhéanamh sa ríomhghnó lena chinntiú go mbeadh láithreach na hÉireann ar líne níos láidre. Ar na forbairtí suntasacha bhí siad seo a leanas:

- i ndiaidh laghdú a bheith tagtha ar líon na gcuairteoirí gach bliain i ndiaidh a chéile ó 2007 ar aghaidh, tháinig méadú ar an líon sa tréimhse suas go dtí deireadh mhí Iúil le hais na tréimhse céanna in 2010. Tharla fás sna margaí móra eachtracha uile le linn na tréimhse seo, ina measc an Bhreatain Mhór, Meiriceá Thuaidh agus mór-roinn na hEorpa;
- i measc na bhfoirgneamh agus na dtarraingtí suntasacha ar fud an domhain ar cuireadh dath

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe CATT de réir Earnála



Arlene Foster MLA, Minister of Enterprise, Trade and Investment met with Niall Gibbons, CEO of Tourism Ireland Ltd, and Ann Riordan, Chairperson of Tourism Ireland Ltd at the Tourism Ireland Ltd Board Meeting in October 2011

glas orthu ar Lá Fhéile Pádraig bhí Súil London, Moulin Rouge i bPáras, Burj Al Arab in Dubai agus Sliabh an Tábla san Afraic Theas. Leis seo, cuireadh tús le feachtas mór poiblíochta arbh fhiú €28 milliún é. Sheol Turasóireacht Éireann feachtas mór margaíochta sa Bhreatain agus sna Stáit Aontaithe le teacht i dtír ar chuartheanna Bhanríon Eilís II agus an Uachtaráin Obama i mí na Bealtaine. Bhí feachtas margaíochta ann san fhómhar a dhírigh ar fhéilte agus ar imeachtaí cultúrtha, ina measc Séasúr an bhFéilte i mBaile Átha Cliath agus gradaim cheoil na hEorpa MTV i mBéal Feirste; agus

- chuaigh Turasóireacht Éireann i mbun feachtais £1.8m a dhírigh ar an ghalp mar údar turasóireachta. Ag teacht sna sála ar na buanna a bhí ag Rory McIlroy agus Darren Clarke i gComórtais Oscailte na Stát Aontaithe agus na Breataine faoi seach, chuaigh cuireadh ar lucht saoire teacht chuig 'Home of Champions'. Bhí rath ar Graeme McDowell agus ar Phádraig Harrington i mórchomórtais ghailf fosta, ar

ndóigh. D'oibrigh Turasóireacht Éireann go cruath le teacht i dtír ar an rath seo i gcomhar le Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann agus Fáilte Éireann.

Iompar



Clé go deas: Danny Kennedy CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí, Leo Varadkar TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus Alex Attwood CTR, Aire Comhshaoil, ar chruinniú Iompair CATT in Ard Mhacha ar 20 Deireadh Fómhair 2011.

2.6.1 Bhí cruinnithe Iompair CATT ar 9 Feabhra 2011 agus ar 20 Deireadh Fómhair 2011. Bhí Edwin Poots CTR, Aire Comhshaoil, Conor Murphy MP, CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí, agus Pat Carey TD, Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, Iompair agus Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, i láthair ar an chruinniú ar 9 Feabhra. Bhí an tAire Varadkar TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tAire Kennedy CTR, Aire Forbartha Réigiúnaí, agus an tAire Attwood CTR, Aire Comhshaoil i láthair ar an chruinniú ar 20 Deireadh Fómhair.

2.6.2 Ar na cruinnithe seo, rinne na hAíre taifead den deis a bhí ann comhoibriú trasteorann a phlé i dtaca le Pleanáil Straitéiseach Iompair agus Sábháilteachta ar Bhóithre agus léirigh siad a shásta a bhí siad an deis seo a bheith acu.

BÓITHRE

2.6.3 Rinne an Chomhairle taifead den dul chun cinn a bhí déanta ar thionscadal an A5 (Tairseach an Iarthuaiscirt go hAchadh na Cloiche) agus ar thionscadal an A8 (Béal Feirste go Latharna) agus aontaíodh go

dtabharfadh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt £3m do Chiste Comhdhlúite TÉ de réir an ghnáthaimh chomhaontaithe. Ar an chruinniú i mí na Samhna, rinneadh taifead de go raibh tuilleadh maoinithe ó rialtas na hÉireann á chur siar agus go gcuirfeadh siad £25m per annum ar fáil don tionscnamh in 2015 agus in 2016. Rinneadh taifead de fosta go n-ullmhódh na Ranna cúí plean nua maoinithe agus feidhmíthe i dtaca leis na tionscadail de, plean a bheadh le comhaontú ar chruinniú Iompair CATT in 2012 agus le daingniú ar chruinniú iomlánach CATT i mí Mheithimh 2012.

SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

2.6.4 Rinne an Chomhairle taifead d'fhoilsiú Straitéis 2020 Thuaisceart Éireann um Shábháilteacht ar Bhóithre. Pléigh siad an comhoibriú leanúnach maidir le smaointe agus tionscnaimh faoi Shábháilteacht ar Bhóithre, ina measc feidhmíú straitéisí faoi shábháilteacht ar bhóithre agus forbairtí maidir le leibhéil tíuchana fola a chomhréiteach. Rinne siad taifead den obair leanúnach sa dá dhlíne le tionchar scéime de chuid rialtas an RA i dtaca le táill ar fheithiclí earraí troma móra a mheasúnú. Rinneadh taifead fosta de na comhoibríochtaí dírithe

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe CATT de réir Earnála

bunaithe ar fhaisnéis a rabhtar le leanúint leo. Is comhoibríochtaí iad seo a dhíríonn ar chaighdeán feithiclí, ceadúnú agus uaireanta oibre tiománaithe i gceantar na teorann.

COMHAITHINT POINTÍ PIONÓIS

2.6.5 Rinneadh taifead de go n-oibreodh oifigigh le chéile le moltaí a chur le chéile i leith comhaithint pointí pionóis i dTuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann i gcás ceithre cinn de mhionsárúithe tráchta. Tuairiscíodh go n-ullmhófaí amchlár seachadta agus feidhmiúcháin agus go mbeadh sé mar chuspóir an reachtaíocht agus na comhshocruithe tacaíochta riaracháin a bheadh de dhíth a chur i bhfeidhm faoi 2014.

IOMPAR INBHUANAITHE

2.6.6 Fáiltíodh roimh phleananna maidir le Seachtain na Rothar 2011, imeacht dúshláin trasteorann do scoileanna a eagraíodh le linn Sheachtain Siúil ar Scoil 2011. Bhí fáilte roimh na tionscnaimh phíolótacha pleananna pearsanaithe taistil i mBaile Adaim agus i mBaile na gCailleach.

2.6.7 Léirigh na hAirí a shásta a bhí siad gur éirigh leis an Roinn Forbartha Réigiúnaí agus leis an Roinn Comhshaoil maoiniú arbh fhiú thart ar £850,000 a fháil mar chuid den scéim Plugged in Places ón Oifig um Fheithiclí Astaíochtaí Ísle. Fuarthas an maoiniú le hinfreastruchtúr luchtaithe feithiclí leictreacha a shealbhú. Bhí na hAirí sásta fosta go mbeadh ról leanúnach ag BSL lena chinntiú go mbeadh na pleananna uile ar fud oileán na hÉireann nasctha lena chéile.

FÓRAM LASTA

2.6.8 Phléigh an Chomhairle an dul chun cinn a bhí déanta i dtaca le cúig phríomhréimse Fhóram Lasta uile-Éireann lena n-áirítear:

- cruinnithe leis na húdaráis chúí réigiúnacha agus áitiúla, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Cathrach Bhéal Feirste san áireamh, faoi oibríochtaí iompar lasta níos inbhuanaithe i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste;

- ócáid le 50 toscaire ó fhorais phoiblí agus as measc lucht an tionscail: ag eascairt as sin aimsíodh na príomhghnéithe le cúrsaí a fheabhsú sa tionscal lasta bóthair ó thaobh sábháilteachta, comhlíonta agus éicéifeachtúlachta;
- cruinniú ag ionadaithe ó na calafoirt, ó na comhlachtaí iarnróid, ó na línte loingseoireachta agus lucht easpórtála leis na féidearthachtaí a bhaineann lena thuilleadh fiosruithe a dhéanamh ar lasta iarnróid, trádáil chósta agus loingseoireacht ghairid ar muir;
- bunú bunlíne cuimsitheach i dtaca le nascacht idirnáisiúnta ar gach seirbhís rialta róró agus lóló agus aithint na bpríomhchnuasach sa tionscal; agus
- athbhreithniú ar na sonraí lasta a bhí ann cheana féin i dtaca le Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann de, próiseas gaolmhar comhairliúcháin le húsáideoirí agus ceardlann do pháirtithe leasmhara i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar 5 Deireadh Fómhair le bearnaí féideartha faisnéise a aimsiú.

2.6.9 Bhí an dara hócáid iomlánach ag an Fhóram Lasta ar 7 Samhain 2011 i mBéal Feirste le dul i ngleic le réimse saincheisteanna a bhaineann leis an earnáil lasta.

IARNRÓID

2.6.10 D'éist na hAirí le cur i láthair ó oifigigh shinsearach a ó Iarnród Éireann agus Iarnród Thuaisceart Éireann a dhírigh ar cheisteanna a ardaíodh i dtuarascáil Sheimineár Iarnróid Enterprise. Léirigh an dá chomhlacht pleananna le bearta bunaithe ar mholtaí sa tuarascáil a chur i bhfeidhm sna 18 mí amach ansin. Áirítear leo seirbhís WiFi a sholáthar, córas nua fógartha poiblí agus feabhas ó thaobh iontaofachta.

2.6.11 Pléadh an dul chun cinn a bhí déanta ar nasc iarnróid Bhaile Átha Cliath/Bhéal Feirste. Rinneadh taifead de go raibh méadú tagtha ar líon na bpaisinéirí ó atógadh an tarbhealach i Mullach Íde agus go raibh an líon sin seasta. D'fháiltigh na hAirí roimh an stad breise i Lios na gCearrbhach ar sheirbhís an Enterprise agus roimh an tseirbhís nua dhíreach go luath ar maidin idir an tIúr agus Baile Átha Cliath a bhaineann an ardchathair amach thart ar 08.35.

Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara



Clé go deas: Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht na Lochanna, Derick Anderson, Nelson McCausland CTR, Aire Forbartha Sóisialta, Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, Fergus O'Dowd TD, Aire Stáit, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, agus Tarlach Ó Crosáin, Cathaoirleach Ghníomhaireacht na Lochanna, ar chruinniú CATT agus Ghníomhaireacht na Lochanna in Ard Mhacha ar 14 Deireadh Fómhair 2011.

Tagann CATT le chéile de réir na hearnála Dobharshaothraithe agus Cúrsaí Mara le cinntí a dhéanamh faoi pholasaithe agus faoi bhearta atá le cur i bhfeidhm ag Coimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann (CFCSÉ). Tá 12 chomhalta ar bhord CFCSÉ arna gceapadh ag CATT. Cuireannan Bord feidhmeanna an Fhorais i bhfeidhm i dtaca le ceantair an Fheabhail agus Chairlín de trí Ghníomhaireacht na Lochanna. Ar 13 Nollaig 2011, tháinig Winston Patterson agus Alan McCulla i gcomharbacht ar Tharlach Ó Crosáin agus Jacqui McConville mar Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird faoi seach. Tá liosta de na comhaltaí reatha den Bhorde le fáil in Iarscríbhinn a Trí. Is é Derick Anderson Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht na Lochanna. Tá níos mó sonraí le fáil ar www.lough-agency.org

Bhí cruinnithe Dobharshaothraithe agus Cúrsaí Mara CATT ar siúl ar 4 Iúil 2011 agus ar 14 Deireadh Fómhair 2011. Bhí Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, agus Nelson McCausland CTR, Aire Forbartha Sóisialta, i láthair ar an dá chruinniú. Bhí Pat Rabbitte TD, Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní

Nádúrtha, i láthair ar an chruinniú i mí Iúil agus bhí Fergus O'Dowd TD, Aire Stáit, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, i láthair ar an chruinniú i mí Dheireadh Fómhair.

TUARASCÁLACHA AR DHUL CHUN CINN

Thug an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach tuairisc do na hAirí maidir leis an dul chun cinn a bhí déanta ar obair Ghníomhaireacht na Lochanna. Ar na príomhcheisteanna a pléadh bhí:

- na hionsaithe leantacha ar fhoireann feidhmiúcháin Ghníomhaireacht na Lochanna agus ar oibríthe deonacha, na Breithneoirí Aibhneacha. D'aithin na hAirí dúthracht na foirne feidhmiúcháin agus na n-oibríthe deonacha agus iad ag obair leis an iascaireacht mhídhleathach a aimsiú agus a chosc agus cháin siad na hionsaithe go láidir;
- oscailt oifige de chuid na Gníomhaireachta sa Chaisleán Nua, Contae Dhún na nGall;

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe CATT de réir Earnála

- uisceadáin nua in ionad cuairteoirí na Gníomhaireachta, Riverwatch;
- críochnú na suíomhanna taitneamhachtaí i mBá an Mhuillinn agus i gCaol Uisce a fhaigheann tacaíocht ó Bhord Turasóireachta Thuaisceart Éireann mar chuid de bhealach cósta Mhúrn;
- ceadú agus dul chun cinn thionscadail INTERREG in Meadowbank agus tábhacht na saoráidí seo i Rás na gClipéar Timpeall an Domhain nuair a thiocfaidh siad go Loch Feabhail;
- tabhairt i gcrích na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta i dtaca le córas ceadúnaithe a thabhairt isteach i gceantair an Fheabhail agus Chairlinn maidir le dobharshaothrú agus iascaigh shliogéisc fhiáin de réir na Treorach ábhartha AE;
- feabhas ó thaobh minicíocht faid i stoc seasta na n-oisrí i Loch Feabhail;
- comhaireamh bradán in 2011 a thug le fios go raibh gluaiseacht iasc i gcuid de na córais bisiúil ach gurbh ábhar inní cuid eile de na córais, go háirithe sa Mhór;
- comhaontú go dtionscnódh Gníomhaireacht na Lochanna próiseas le tríú Fóram Comhairleach an Fheabhail agus Chairlinn a cheapadh de réir an chleachtais is fearr agus leis an luach is fearr ar airgead a chinntiú; agus
- soláthar clár oideachais comhshaoil ag Gníomhaireacht na Lochanna a éascaíonn gníomhú den scoth ag páirtithe leasmhara,


daoine óga go háirithe. Tá na cláir seo tábhachtach le dearcadh na bpáirtithe leasmhara i leith a ról féin i mbainistiú abhantracha an Fheabhail agus Chairlinn a athrú agus inbhuanaitheacht na n-abhantracha a chinntiú.

D'fhaomh na hAíre Plean Corparáideach 2011-13 Gníomhaireacht na Lochanna agus Plean Gnó 2011 agus mhol siad buiséad £4.5387m (€5.535m) a sholáthar don bhliain 2011. Rinne siad nóta de bhuiséid tháscacha de £4.3957m (€5.3606m) do 2012 agus £4.2527m (€5.1862m) do 2013.

Faomhadh na rialacháin a leanas atá riachtanach faoi choinne chaomhnú agus chosaint na n-iascach i gceantair an Fheabhail agus Chairlinn:

- Na Rialacháin um Limistéar an Fheabhail agus Limistéar Chairlinn (Ceadúnais Slatiascaireachta) 2011;
- Na Rialacháin um Limistéar an Fheabhail agus Limistéar Chairlinn (Cosc ar Iascaireacht Neamhcheadúnaithe) (Spéicis Fhorordaithe) 2011; agus
- Na Rialacháin um Limistéar an Fheabhail agus Limistéar Chairlinn (Clibeáil agus Logleabhar) (Leasú) 2011
- D'fhaomh an Chomhairle fosta gnáthamh go gceann bliana eile suas go dtí mí Iúil 2012 le tacú le Gníomhaireacht na Lochanna agus iad ag déileáil, trí rialacháin, le cásanna éigeandála mar eachtraí truaillithe.

Sábháilteacht Bhia



I láthair ar seoladh líonraí nua malartaithe eolais Bhiaslán bhí, ó chlé go deas, Rob Hargrove, PepsiCo na hEorpa, Andrew McCormick, an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí, agus Campbell Tweedie, Leas-Chathaoirleach, bord comhairleach Bhiaslán.

Tagann CATT le chéile le cúrsaí sábháilteachta bia a phlé agus le cinntí a dhéanamh maidir le polasaithe agus bearta atá le déanamh ag an Bhord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia (BCCCSB). Feidhmíonn BCCCSB faoin bhranda 'safefood' nó Biaslán. Tá 12 chomhalta ar an Bhord Chomhairleach, arna gceapadh ag CATT, agus is é an príomhdhualgas atá acu sábháilteacht bhia a chur chun cinn agus tacú le comhoibriú eolaíochta idir an dá institiúid atá ag obair sa réimse sin. Ar 13 Nollaig 2011, tháinig Lynn Ní Bhaoighealláin agus Darina Allen i gcomharbacht ar John Dardis agus Campbell Tweedie mar Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach ar an Bhord faoi seach. Tá liosta de na comhaltaí reatha den Bhord le fáil in Iarscríbhinn a Trí. Is é Martin Higgins Príomhfheidhmeannach Bhiaslán. Tá níos mó sonraí le fáil ar www.safefood.eu

Bhí cruinniú Sábháilteachta Bia ag CATT ar 20 Iúil 2011. Bhí James Reilly TD, Aire Sláinte, Frances Fitzgerald, Aire Leanáí agus Gnóthaí Óige, Edwin Poots CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí,

agus Martina Anderson CTR, Aire Sóisearach, OFMDFM, i láthair ar an chruinniú.

Fuair na hAíré tuarascáil ar an dul chun cinn a bhí déanta i dtaca le bearta Bhiaslán ón Chathaoirleach agus ón Phríomhfheidhmeannach.

Ar na príomhcheisteanna a pléadh bhí:

- síneadh théarma Fhóram Bhiaslán um Gníomhaíocht in aghaidh Otrachta, rud a chuidigh chun réimsí i gcoitinne a aimsiú sna polasaithe le hotracht a laghdú;
- gníomhaíochtaí poiblíochta, ina measc an rath a bhí ar an fheachtas 'Stop the Spread' in aghaidh otrachta agus ró-mheáchain, agus feachtas in áiteanna oibre le hiontógáil salainn i mbialanna san áit oibre a laghdú; agus

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe CATT de réir Earnála



Clé go deas: John McCallister CTR, Michelle Gildernew CTR, Jim Wells CTR agus Judith Cochrane CTR ar sheoladh fheachtas Bhiaslán, 'Stop the Spread'. Feachtas feasachta dhá bhliain uile-oileáin atá ann.

- gníomhaíochtaí taighde, lena n-áirítear meastachán i dtaca le hiontógáil salainn in aistí bia daoine éagsúla den phobal agus an bhaint atá aige sin leis na fachtóirí riosca atá nasctha le stíl mhaireachtála daoine.

Cheadaigh an Chomhairle Plean Corparáideach 2011-2013 agus Plean Gnó 2011 Bhiaslán agus mhol siad buiséad €8.5m (£6.97m) a chur ar fáil don bhliain 2011. Rinne siad nóta de bhuiséid tháscacha €8.5m (£6.97m) an ceann do 2012 agus 2013.

Uiscebhealaí Intíre



Clé go deas: Dinny McGinley TD, Aire Stáit le freagracht speisialta as gnóthaí Gaeltachta, John Martin, Príomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann, Jimmy Deenihan TD, Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Carál Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, agus Jonathan Bell, Aire Sóisearach, OFMDFM, ar chruinniú CATT agus Uiscebhealaí Éireann ar 12 Deireadh Fómhair 2011.

2.9.1 Tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as bainistiú, cothabháil, forbairt agus athchóiriú a dhéanamh ar chórais na n-uiscebhealaí intíre inseolta ar fud an oileáin. Is chun críocha áineasa go príomha a gcuid oibre. Faoi láthair tá siad freagrach as na huiscebhealaí a leanas: loingseoireacht na Bearú, córas na hÉirne, an Chanáil Mhór, loingseoireacht ar an Bhanna Íochtair, an Chanáil Ríoga, uiscebhealach Shionainne-na hÉirne agus loingseoireacht Shionainne. Is ionann é sin agus thart ar 1,000 uiscebhealach inseolta. Tá siad freagrach fosta as athchóiriú na coda sin de Chanáil Uladh idir Cluain Eois agus Loch Éirne Uachtair agus nuair a bheidh an t-athchóiriú déanta, beidh siad freagrach as a bainistiú, a cothabháil agus a forbairt. Is é John Martin Príomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann. Tá níos mó sonraí le fáil ar www.waterwaysireland.org

2.9.2 Bhí cruinnithe CATT faoi Uiscebhealaí Intíre ar siúl ar 7 Iúil agus ar 12 Deireadh Fómhair. D'fhreastail Jimmy Deenihan TD, Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Carál Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus Jonathan Bell CTR, Aire Sóisearach in Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire, ar an

dá chruinniú. D'fhreastail Dinny McGinley TD, Aire Stáit le freagracht speisialta as gnóthaí Gaeltachta, ar an chruinniú ar 12 Deireadh Fómhair.

2.9.3 Fuair an Chomhairle tuarascálacha ar an dul chun cinn a bhí déanta i dtaca le hobair Uiscebhealaí Éireann de ón Phríomhfheidhmeannach. Ar na príomhcheisteanna a pléadh bhí:

- óstáil Uiscebhealaí Éireann ar chruinnithe rathúla maidir le tionscadal INTERREG IVC an AE, Ar Aghaidh ar na hUiscebhealaí. Bhí na cruinnithe i mBaile Átha Cliath agus in Inis Ceithleann agus bhí ionadaithe i láthair ó 17 n-eagras as 11 tír de chuid an AE, as an Iorua agus as an tSeirbia;
- tuilleadh poill feistithe a sholáthar ar na huiscebhealaí agus clár cothabhála. Dhírigh an obair seo go mór ar na rudaí seo a leanas: baint féir, fála agus fiailí, feabhsúcháin ar chosáin tarraingthe, cothabháil loc, péinteáil, insealbhú ceap ceangail, cothabháil conairí agus bailiú

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe CATT de réir Earnála

bruscair. I measc na dtionscadal cothabhála in áiteanna tuaithe ar na bealaí loingseoireachta bhí oibreacha deisiúcháin le sceitheadh uisce a shrianadh;

- dul chun cinn maidir le hathchóiriú na coda sin de Chanáil Uladh idir Cluain Eois agus Loch Éirne Uachtair. Rinneadh taifead de go raibh an tuarascáil ar an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus cáipéisí an phlean curtha i gcrích agus foilsithe agus go raibh an Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta críochnaithe fosta. Bhí obair fhiosraithe ar an suíomh go fóill ar bun. Bhí cruinnithe ag Uiscebhealaí Éireann leis na húdaráis chuí reachtacha le comhairle a chur orthu faoin tionscadal. Bhí cruinnithe poiblí ann fosta. Bhí líníochtaí sonrathaithe den bhealach agus de na saoráidí a bhaineann leis críochnaithe. Cuireadh fógraí pleanála chuig úinéirí talún i dTuaisceart Éireann an tseachtain dar tús 26 Meán Fómhair 2011 agus cuireadh fógraí ar thailte i bPoblacht na hÉireann an tseachtain dar tús 3 Deireadh Fómhair 2011;
- gníomhaíochtaí leantacha margaíochta Uiscebhealaí Éireann lena n-áirítear foilseacháin nua agus urraíocht ar bhreis agus 70 d'imeachtaí le feachtas a ardú ar na huiscebhealaí ar na bealaí loingseoireachta uile. Ar na himeachtaí sin bhí Riverfest Uiscebhealaí Éireann, TriAthlone Uiscebhealaí Éireann, Féile Chuan na Scairbhe Uiscebhealaí Éireann, Phizzfest Uiscebhealaí Éireann, Loughfest Uiscebhealaí Éireann, Spórt ar an Chanáil Ríoga, An Bhearú

2011, Féile Ealaíne agus Uisce Loch Aillíonn, Deireadh Seachtaine Spraoi don Teaghlach ar an Bhanna Íochtair, Féile Chlaisice na hIascaireachta, Inis Ceithleann agus an Comórtas Idirchontae Seoltóireachta ar Fhéile Dhugaí Bhaile Átha Cliath;

- comhthionscadal Dhúichí na Lochanna agus Uiscebhealaí Intíre idir Uiscebhealaí Éireann, Fáilte Éireann, Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann, Turasóireacht Fhear Manach, Turasóireacht Éireann agus Forbairt Sionainne a bhain le feachtas margaíochta do chóras na hÉirne-Shionainne idir Béal Leice agus Luimneach. Dáileadh bróisiúir faoin mhórtheideal 'Lakeland and Inland Waterways';
- cur i láthair maidir leis an tairbhe atá le baint as uiscebhealaí, lena n-áirítear buntáistí eacnamaíochta na n-uiscebhealaí do phobal na háite, don tionscal áineasa, don tionscal turasóireachta agus don gheilleagar;
- eisiúint ag Uiscebhealaí Éireann d'fhógraí rialta mara ag cur úsáideoirí ar an eolas faoi na huiscebhealaí; agus
- comhaontú maidir le diúscairt maoinne i gcomhthéacs réimse moltaí forbartha ar na huiscebhealaí.

2.9.4 Cheadaigh an Chomhairle Plean Corparáideach 2011 – 2013 agus Plean Gnó 2011 Uiscebhealaí Éireann agus mhol siad buiséad €35.18m (£28.85m) a chur ar fáil don bhliain 2011.

Teanga



Clé go deas: Tom Scott, Cathaoirleach, Bord na hUltaise, Liam Ó Maoilmhichíl, Cathaoirleach, Foras na Gaeilge, Dinny McGinley TD, Aire Stáit le freagracht speisialta as gnóthaí Gaeltachta, Jimmy Deenihan TD, Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Carál Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Jonathan Bell CTR, Aire Sóisearach in Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire, Ian Crozier, Príomhfheidhmeannach, Gníomhaireacht na hUltaise agus Ferdie Mac an Fhailigh, Príomhfheidhmeannach, Foras na Gaeilge, ar chruinniú Teanga CATT in Ard Mhacha ar 12 Deireadh Fómhair 2011.

2.10.1 Tá an Foras Teanga comhdhéanta de dhá ghníomhaireacht – Foras na Gaeilge agus Bord na hUltaise. Cuireann na gníomhaireachtaí an Ghaeilge agus teanga agus cultúr na hUltaise chun cinn, faoi seach. Is í CATT a cheapann Bord an Fhoras Teanga. Is é Liam Ó Maoilmhichíl Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge. Is é Tom Scott Cathaoirleach Bhord na hUltaise. Is iad Liam Ó Maoilmhichíl agus Tom Scott Comh-Chathaoirligh an Fhoras Teanga.

2.10.2 Tá 15 chomhalta eile ar Bhord Fhoras na Gaeilge agus seachtar eile ar Bhord na hUltaise. Tá liosta díobh le fáil in Iarscríbhinn a Trí. Is é Ferdie Mac an Fhailigh Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge. Ba í Hazel Campbell Príomhfheidhmeannach Eatramhach Gníomhaireacht na hUltaise go dtí Iúil 2011. Tháinig Ian Crozier i gcomharbacht uirthi i mí Iúil 2011. Tá níos mó sonraí le fáil ar www.forasnagaeilge.ie agus www.ulsterscotsagency.com

2.10.3 Bhí dhá chruinniú Teanga ag CATT in 2011 ar 7 Iúil agus ar 12 Deireadh Fómhair. Bhí Jimmy Deenihan TD, Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Carál

Ní Chuilín CTR, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Dinny McGinley TD, Aire Stáit le freagracht speisialta as gnóthaí Gaeltachta, agus Jonathan Bell CTR, Aire Sóisearach in Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire i láthair ar na cruinnithe.

2.10.4 Thug na Cathaoirligh agus na Príomhfheidhmeannaigh tuairisc do na hAirí ar an dul chun cinn a bhí déanta ag an dá ghníomhaireacht. Ar na príomhcheisteanna a pléadh bhí:

- comhoibriú leanúnach idir Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise ar an tsraith léachtaí “Gnéithe dár gComhoidhreacht” lenar áiríodh léacht nua ar stair na dteangacha i gcomhthéacs Imeacht na nIarlaí, Phlandáil Uladh agus an tionchair a bhí acu ar chúrsaí teangeolaíochta;
- comhsheastáin eolais ar Fhleadh Cheoil na hÉireann, Seó Talmhaíochta Chaisleán Uidhlín, Lá Spraoi Teaghlaigh Stormont agus Corn Domhanda Boccia, agus ullmhúcháin do sheó cultúrtha i mBéal Feirste mar thacaíocht do

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe CATT de réir Earnála

nascadh Lios Tuathail, Contae Chiarraí le Dún Pádraig, Contae an Dúin;

- feidhmiú na scéime creidiúnaithe ag Foras na Gaeilge d'eagarthóirí, lenar áiríodh soláthar sainoilúna agus forbairt leanúnach ag Foras na Gaeilge de bhunachar náisiúnta téarmaí (www.focal.ie);
- teagasc sa cheol agus sa damhsa ag Gníomhaireacht na hUltaise do bhreis agus 8,000 duine trí chlár teagasc le múinteoirí cuartaíochta, agus 31 scéim shamhraidh phobail san Ultais;
- athbhreithniú ar Áis, seirbhís dáileacháin leabhar Fhoras na Gaeilge, a bheith tugtha i gcrích. D'iarr na hAirí ar Fhoras na Gaeilge plean sonraithe feidhmiúcháin a aontú leis na Ranna coimirce i dtaca leis na moltaí san athbhreithniú ar Áis agus tuairisc ar an dul chun cinn a bheidh déanta a chur chuig CATT;
- athbhreithniú ar scéim chúnaimh Gníomhaireacht na hUltaise; agus
- athbhreithniú Fhoras na Gaeilge ar na heagrais a fhaigheann bunmhaoiniú uathu. Rinneadh taifead den dul chun cinn a bhí déanta maidir

le punann dréachtscéimeanna a ullmhú don tsamhail nua iomaíoch mhaoinithe a mbeadh mar chuspóir aige buntáistí suntasacha a bhaint amach i dtaca le luach ar airgead agus feidhmiú éifeachtúil dhualgas reachtúil Fhoras na Gaeilge. D'iarr an Chomhairle ar Fhoras na Gaeilge:

- a) dul i mbun próiseas breise comhairliúcháin dhá sheachtain déag, go háirithe leis na heagrais bhunmhaoinithe, faoi phunann na ndr éachtscéimeanna;
- b) a chinntiú go dtabharfaí deis do na forais chuif reachtúla machnamh a dhéanamh ar thionchar na ndr éachtscéimeanna ar réimsí a gcuid oibríochtaí féin;
- c) punann na ndr éachtscéimeanna a athrú mar ba ghá agus mar ba chuif, agus an próiseas breise comhairliúcháin a thabhairt san áireamh;
- d) cás sonraithe gnó a ullmhú, le cúnamh neamhspleách dá mba ghá, mar thacaíocht leis an phunann dréachtscéimeanna; agus
- e) plean athbhreithnithe tionscadail a ullmhú mar ábhar práinne, i gcomhar leis na Ranna coimirce, a ghlacfaidh san áireamh, mar ba chuif, tabhairt i gcrích an phróiseas athbhreithnithe.

Cláir Speisialta AE



Clé go deas: Sammy Wilson MP, CTR, Aire Airgeadais agus Pearsanra, Martina Anderson CTR, Aire Sóisearach in Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire, Brendan Howlin TD, Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Michael Noonan TD, Aire Airgeadais, agus Pat Colgan, Príomhfheidhmeannach, Foras na gClár Speisialta AE (SEUPB), ar chruinniú CATT le FCSAE in Ard Mhacha ar 18 Iúil 2011.

2.11.1 Is é misean Foras na gClár Speisialta AE (FCSAE) cláir mhaoinithe a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar son an dá rialtas agus an Aontais Eorpaigh, cláir a dhíríonn ar fheabhsúcháin shóisialta agus eacnamaíochta a chur i bhfeidhm ar son mhuintir Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann trí chomhoibriú trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach. Is é Pat Colgan Príomhfheidhmeannach FCSEU. Tá níos mó sonraí ar fáil ar www.seupb.eu

2.11.2 Bhí cruinnithe ag CATT faoi Chláir Speisialta Eorpacha ar 13 Eanáir, 18 Iúil agus 21 Samhain 2011. Bhí Sammy Wilson MP, CTR, Aire Airgeadais agus Pearsanra, Alex Attwood CTR, Aire Forbartha Sóisialta, agus Brian Lenihan TD, Aire Airgeadais, i láthair ar an chruinniú ar 13 Eanáir. Bhí Michael Noonan TD, Aire Airgeadais, Brendan Howlin TD, Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Sammy Wilson MP, CTR, Aire Airgeadais agus Pearsanra, agus an tAire Sóisearach, Martina Anderson CTR i láthair ar an chruinniú ar 18 Iúil. D'fhreastail Sammy Wilson MP CTR, Aire Airgeadais agus Pearsanra, Brendan Howlin TD, Aire Caiteachais

Phoiblí agus Athchóirithe, agus Alex Attwood CTR, Aire Comhshaoil, ar an chruinniú ar 21 Samhain.

2.11.3 Ar gach cruinniú, thug an Príomhfheidhmeannach tuairiscí don Chomhairle ar an dul chun cinn a bhí déanta i dtaca le gníomhaíochtaí Foras na gClár Speisialta AE. Ar na príomhcheisteanna a pléadh bhí:

- druidim na gclár SÍOCHÁIN II agus INTERREG IIIA;
- dul chun cinn maidir le feidhmiú na gclár SÍOCHÁIN III agus INTERREG IVA ó thaobh iarratais a mheasúnú agus tionscadail a cheadú. Faoi mhí na Samhna 2011, bhí 149 tionscadal arbh fhiú €262m iad ceadaithe ag FCSAE faoin chlár SÍOCHÁIN III agus ba é €94m an méid a bhí caite. Sa tréimhse chéanna, bhí 64 tionscadal arbh fhiú €181m iad ceadaithe fosta faoi INTERREG IVA agus €55m an méid a bhí caite. Bhí 19 dtionscadal INTERREG IVA a bhain le grúpaí bunaithe in údaráis áitiúla agus arbh fhiú €24 milliún iad ceadaithe. Rinneadh taifead de go leanfadh FCSAE lena gcuid oibre i gcomhar leis na grúpaí le níos mó tionscadal a fhorbairt;

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe CATT de réir Earnála



Oscailt Dhroichead na Síochána thar an Fheabhal, tionscadal a fuair maoiniú €14 milliún ó chlár SÍOCHÁIN III FCSAE.

- sraith gníomhartha a bhí curtha i bhfeidhm ag FCGAE a bhain le haistriú maoinithe laistigh de INTERREG IVA a d'fhágfadh go mbeadh bearta ann lena bhféadfaí maoiniú a úsáid níos gasta, agus athbhreithniú ar an cheist i mí Eanáir 2012;
- obair FCGAE le rannpháirtíocht Thuaidh/Theas i gclár thrasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha INTERREG IV. In 2011, d'aimsigh SEUPB 55 páirtí tionscadail sna cláir ábhartha uile; agus
- craobhscaoileadh eolais ag FCSAE maidir le tionchar dearfach na gclár AE trí imeachtaí ardcháile, go leor acu a raibh Airí páirteach iontu, ina measc oscailt Dhroichead na Síochána ar 25 Meitheamh 2011 agus rannpháirtíocht i Laethanta Oscailte AE sa Bhrúiséal.

Forbairt Trádála agus Gnó



Clé go deas: David Dobbin, Cathaoirleach, Idir-Thrádáil Éireann, Richard Bruton TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Arlene Foster CTR, Aire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, John O'Dowd CTR, Aire Oideachais, agus Liam Nellis, Príomhfheidhmeannach, Idir-Thrádáil Éireann ar chruinniú Fhorbairt Trádála agus Gnó CATT in Ard Mhacha ar 25 Iúil 2011.

2.12.1 Bunaíodh an Foras um Fhorbairt Trádála agus Gnó, ar a dtugtar Idir-Thrádáil Éireann, le heolas a mhalarú agus obair ar chúrsaí trádála agus forbartha gnó a comhordú i réimsí atá, dar leo féin, le leas an dá rialtas. Tá 12 chomhalta ar bhord Idir-Thrádáil Éireann arna gceapadh ag CATT. Ar 13 Nollaig 2011 tháinig Martin Cronin agus Joanne Spain i gcomharbacht ar an Dr David Dobbin agus ar John Fitzgerald mar Chathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach faoi seach. Tá liosta de na comhaltaí reatha den bhord le fáil in Iarscríbhinn a Trí. Is é Liam Nellis Príomhfheidhmeannach Idir-Thrádáil Éireann. Tá níos mó sonraí le fáil ar www.intertradeireland.com

2.12.2 Bhí cruinniú um Thrádáil agus Forbairt Gnó ag CATT in Ard Mhacha ar 25 Iúil 2011. Bhí Richard Bruton TD, Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Arlene Foster CTR, Aire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, agus John O'Dowd CTR, Aire Oideachais, i láthair ar an chruinniú seo.

Thug an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach tuairisc do na hAirí ar an dul chun cinn a bhí déanta

maidir le gníomhaíochtaí Idir-Thrádáil Éireann. Áirítear leis sin:

- dul chun cinn maidir le comhoibriú ar chúrsaí nuálaíochta. Bhí acmhainní curtha ar fáil ag Idir-Thrádáil Éireann go sonrach le rannpháirtíocht chomhoibríoch sa Chlár Creata AE um Thaighde, Forbairt Theicneolaíoch agus Nuálaíochta a mhéadú, agus le córas a fhorbairt leis na daoine cúí a chur ar an eolas faoi mholtaí féideartha chomh luath agus ab fhéidir. Bhí siad ag obair go dlúth le Invest NI, Líonra Náisiúnta Tacaíochta FP7 na hÉireann, lucht gnó agus lucht acadúil. Ar na tionscnaimh bhí dearbháin taistil dóibh siúd atá ag forbairt iarratas Thuaidh/Theas agus aithint páirtithe ar líne;
- Bhí Idir-Thrádáil Éireann agus oifig an Choimisiúin Eorpaigh i mBéal Feirste mar óstaigh ar an chomhdháil 'Collaborate to Innovate' ar 30 Meitheamh 2011 i mBéal Feirste. Ba é aidhm na comhdhála seo rannpháirtíocht chomhoibríoch i gcláir reatha Chreata agus i gcláir Chreata a

CAIBIDIL A DÓ: Cruinnithe CATT de réir Earnála

bheidh ann amach anseo a mhéadú trí thaighde agus nuálaíocht a chur i láthair an phobail níos mó, trí chomhoibriú Thuaidh/Theas a mhéadú agus trí spreagadh a thabhairt maidir le níos mó comhoibrithe le réigiúin eile ar fud na hEorpa. Tugadh comhairle do bhreis agus 200 duine a bhí i láthair maidir le níos mó maoinithe a fháil agus bhí deis luachmhar acu aithne a chur ar a chéile agus líonrú;

- rinne Idir-Thrádáil Éireann comhordú ar thaispeántas ar chomhdháil san Ungáir, Seachtain Réigiúin Nuálaíochta na hEorpa. Bhí rath mór air seo agus léirigh cuid mhór daoine as réigiúin eile go mbeadh spéis acu bheith mar pháirtithe in iarratais i dtaca leis an scéim Réigiúin Faisnéise;
- bhí staidéar tionscnaithe ag Idir-Thrádáil Éireann lena fháil amach cé na tréithe d'Éiceachóras Nuálaíochta ar fud Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann a mbeadh

an fhiontraíocht mar chroílár aige agus a chinnteodh go ndéanfaí ábhar tráchtála de smaointe cruthaitheacha;

- bhí 8 gcomhthionscadal rathúla mar chuid de Chomhpháirtíocht SAM-na hÉireann um Thaighde agus Forbairt. B'fhiú £13m/€15m na tionscadail uile seo;
- ba é 16.5:1 an toradh a baineadh as punann infheistíochta Chláir Thrádála agus Nuálaíochta Idir-Thrádáil Éireann in 2011; agus
- gineadh £119.8m/€146.1m de luach gnó in 2011 ó chomhlachtaí a bhí rannpháirteach i gcláir thrádála agus nuálaíochta Idir-Thrádáil Éireann.

IARSCRÍBINN A HAON

Léirítear sa tábla thíos cruinnithe CATT in 2011:

Cruinniú CATT	Dáta	Áit
Iomlánach	21 Eanáir	Ard Mhacha
	10 Meitheamh	Baile Átha Cliath
	18 Samhain	Ard Mhacha
Institiúideach	3 Deireadh Fómhair	Caisleán Stormont
Talmhaíocht	26 Iúil	Campas Loughry
	26 Deireadh Fómhair	Ard Mhacha
Oideachas	21 Eanáir	Ard Mhacha
	21 Meán Fómhair	Ard Mhacha
Comhshaol	1 Iúil	Ard Mhacha
	21 Deireadh Fómhair	Ard Mhacha
Sláinte agus Sábháilteacht Bhia	20 Iúil	Ard Mhacha
Turasóireacht	3 Feabhra	Ard Mhacha
Iompar	9 Feabhra	Ard Mhacha
	21 Deireadh Fómhair	Ard Mhacha
Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara	4 Iúil	Ard Mhacha
	14 Deireadh Fómhair	Ard Mhacha
Uiscebhealaí Intíre	7 Iúil	Ard Mhacha
	12 Deireadh Fómhair	Ard Mhacha
Teanga	7 Iúil	Ard Mhacha
	12 Deireadh Fómhair	Ard Mhacha
Cláir Speisialta AE	13 Eanáir	Stormont
	18 Iúil	Ard Mhacha
	21 Samhain	Ard Mhacha
Trádáil agus Forbairt Ghnó	25 Iúil	Ard Mhacha

IARSCRÍBHINN A DÓ:

Faigheann an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) tacaíocht ó Chomhrúnaíocht a dtagann an fhoireann aici ó Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus ó Státseirbhís Phoblacht na hÉireann. Is í Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire an mháthair-roinn ag státseirbhísigh Thuaisceart Éireann agus is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha an mháthair-roinn ag státseirbhísigh Phoblacht na hÉireann.

Is í Mary Bunting an Comhrúnaí (Thuaidh) agus is í Margaret Stanley an Leas-Chomhrúnaí (Theas). Is í Margaret an Comhrúnaí Gníomhach faoi láthair in ionad Anne Barrington a bhí mar Chomhrúnaí (Theas) suas go dtí mí na Samhna 2011. Is é Pat Donaghy an Leas-Chomhrúnaí (Thuaidh) eile.

FEIDHMEANNA

Ar fheidhmeanna na Comhrúnaíochta tá:

- cruinnithe na Comhairle a eagrú de réir na bhformáidí éagsúla;
- comhaontú polaitiúil a chinntiú roimh chruinnithe na Comhairle maidir leis na cláir oibre;
- páipéir a ullmhú agus a choimisiúnú faoi choinne cruinnithe na Comhairle, lena n-áirítear páipéir a bhaineann leis an chlár oibre;

- dréachtaí a dhéanamh de Chomhráitis agus den Taifead de Chinntí na Comhairle;
- cinntí na Comhairle a chur in iúl don phobal agus monatóireacht a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm;
- dréacht de thuarascáil bhliantúil maidir le himeachtaí na Comhairle a dhéanamh;
- a bheith mar bhealach cumarsáide idir na Forais Forfheidhmiúcháin;
- nuair is cuí, ceangal a dhéanamh le Rúnaíocht Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann, le Rúnaíocht Chomhairle na Breataine-na hÉireann agus leis an chomhfhóram parlaiminteach Thuaidh/Theas agus le fóraim neamhspleácha chomhairliúcháin nuair a bhunaítear iad, agus an méid sin uile a dhéanamh tríd an Roinn nó an Oifig tharmligthe i gceachtar den dá dhlínse; agus
- tascanna eile a dhéanamh de réir mar a éileoidh an Chomhairle.

MAOINIÚ

- Is iad Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a chuireann maoiniú ar fáil faoi choinne costas foirne. Roinntear na costais ar fad eile a bhaineann leis an Chomhrúnaíocht agus le CATT idir an dá rialtas. £1,668,625/€1,890,025 an costas a bhain leis an Chomhrúnaíocht a réachtáil in 2011.



Sa phictiúr tá Mary Bunting, Comhrúnaí, Pat Donaghy, Leas-Chomhrúnaí, John Boyd, foireann na Comhrúnaíochta, agus mic léinn ón Choláiste Réigiúnach Theas.

IARSCRÍBHINN A TRÍ: Comhaltaí Boird na bhForas Thuaidh/Theas

AN BORD UM CHUR CHUN CINN NA SÁBHÁILTEACHTA BIA

Lynn Ní Bhaoighealláin (Cathaoirleach)

Darina Allen (Leas-Chathaoirleach)

Julie Andrews

Thomas Burns

Brendan Kehoe

Alan McGrath

Helen O'Donnell

Edward Spellman

Hannah Su

Campbell Tweedie

Mary Upton

Jane Wells

AN FORAS TEANGA THUaidH/ THEAS FORAS NA GAELIGE

Liam Ó Maoilmhichíl

(Cathaoirleach Foras na Gaelige/Comh-Chathaoirleach
an Fhoras Teanga)

Eoghain Mac Cormaic (Leas-Chathaoirleach)

Pól Callaghan

Colm Cavanagh

Áine Ní Chiaráin

Bríd Ní Chonghaile

Liam Kennedy

Seosamh Mac Donnchadha

Tomás Mac Eochagáin

Marcus Mac Ruairí

Seán Mícheál Ó Dómhnaill

Dónal Ó hAiniféin

Therese Ruane

Tomás Sharkey

Cáitríona Ní Shúilleabháin

BORD NA HULTAISE

Tom Scott

(Cathaoirleach Bhord na hUltaise/Comh-Chathaoirleach
an Fhoras Teanga Thuaidh/Theas)

Tony Crooks (Leas-Chathaoirleach)

Ida Fisher

William Leathem

Val O'Kelly

Hilary Singleton

Sharon Treacy-Dunne

Trevor Wilson

COIMISIÚN AN FHEABHAIL, CHAIRLINN AGUS SHOILSE NA HÉIREANN

Winston Patterson (Cathaoirleach)

Alan McCulla (Leas-Chathaoirleach)

Andrew Duncan

Phil Mahon

Joe Millar

Michael J McCormick

Theresa McLaverty

Tarlach Ó Crosáin

Seamus Rogers

Thomas Sloan

Donal Tipping

Jim Wilson

IARSCRÍBHINN A TRÍ: Comhaltaí Boird na bhForas Thuaidh/Theas

AN FORAS UM FHORBAIRT TRÁDÁLA AGUS GNÓ

Martin Cronin (Cathaoirleach)

Joanne Spain (Leas-Chathaoirleach)

Brendan Butler

Jake Gallagher

Ray Hayden

Hubert Brown Kerr

Timothy Mayes

Bridget Meehan

Patricia McKeown

Kevin Norton

Mairead Sorensen

TURASÓIREACHT ÉIREANN TEORANTA

Brian Ambrose (Cathaoirleach)

Jim Flannery (Leas-Chathaoirleach)

Ciara Boyle

Denis Cregan

Shaun Quinn

Howard Hastings

John Healy

David Lyle

Christoph Mueller

Elaine Murphy

Derek Rainey

David Rodway

